BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Cúigiú Dlísheomra)

16 Eanáir 2025 *

(Achomharc – Rochtain ar dhoiciméid – Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 – An chéad fhomhír d'Airteagal 4(3) – Cosaint an phróisis cinnteoireachta – Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 – Nós imeachta coiste – Seasaimh arna gcur in iúl ag na Ballstáit agus ag comhaltaí eile de na coistí – Diúltú rochtana)

I gCás C-726/22 P,

ACHOMHARC de bhun Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a tionscnaíodh an 24 Samhain 2022,

an Coimisiún Eorpach, dá ndéanann S. Delaude, C. Ehrbar agus G. Gattinara, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

achomharcóir,

an páirtí eile sna himeachtaí:

Pollinis France, a bunaíodh i bPáras (an Fhrainc), dá ndéanann T. Bégel agus C. Lepage, avocats, ionadaíocht ar dtús, agus D. Krzisch, avocate, agus J. Stratford, BL, ina dhiaidh sin,

iarratasóir ag an gcéad chéim,

tugann AN CHÚIRT (an Cúigiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: I. Jarukaitis, Uachtarán an Chéad Dlísheomra, ag feidhmiú mar Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra, D. Gratsias (Rapóirtéir) agus E. Regan, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: N. Emiliou,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 27 Meitheamh 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

* Teanga an cháis: an Béarla.

Breithiúnas

1 Trína achomharc, iarrann an Coimisiún Eorpach go gcuirfí ar neamhní an breithiúnas ó Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 14 Meán Fómhair 2022, *Pollinis France* v *an Coimisiún* (T-371/20 agus T-554/20, 'an breithiúnas atá faoi achomharc', EU:T:2022:556), ar dá réir a chuir sí ar neamhní Cinntí C(2020) 4231 final an 19 Meitheamh 2020 ('an cinneadh atá faoi chonspóid i gCás T-371/20') agus C(2020) 5120 final an 21 Iúil 2020 ('an cinneadh atá faoi chonspóid i gCás T-554/20) ón gCoimisiún ('na cinntí atá faoi chonspóid' le chéile), a mhéid, leis na cinntí sin, ar dhiúltaigh an institiúid sin Pollinis France faoi rochtain a thabhairt ar dhoiciméid a bhaineann leis an treoirdhoiciméad ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) maidir leis an measúnú ar bhaol na dtáirgí cosanta plandaí do bheacha, ar ghlac EFSA an 27 Meitheamh 2013 ('an treoirdhoiciméad arna ghlacadh ag EFSA in 2013'), ar bhonn na chéad fhomhíre d'Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO 2001 L 145, lch. 43).

An dlí lena mbaineann

Rialachán Uimh. 1049/2001,

2 Is mar a leanas atá an fhoclaíocht in aithrisí 1 agus 2 a ghabhann le Rialachán Uimh. 1049/2001:

'(1) Sa dara mír d'Airteagal 1 den Chonradh ar an Aontas Eorpach cumhdaítear coincheap na hoscailteachta, ag dearbhú gur céim nua é an Conradh sa phróiseas ina gcruthaítear aontas níos buandlúithe fós idir pobail na hEorpa, ina nglactar cinntí ar bhealach chomh hoscailte agus is féidir agus ar leibhéal chomh gar don saoránach agus is féidir.

(2) Trí bhíthin na hoscailteachta cumasaítear na saoránaigh chun rannpháirtíocht níos dlúithe a bheith acu sa phróiseas cinnteoireachta agus ráthaíonn sé go mbeidh dlisteanacht níos mó ag an riarachán agus go mbeidh sé níos éifeachtúla agus níos cuntasaí don saoránach i gcóras daonlathach. Trí bhíthin na hoscailteachta neartaítear prionsabail an daonlathais agus urramú ar chearta bunúsacha mar atá leagtha síos in Airteagal 6 de Chonradh AE agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

3 De réir théarmaí Airteagal 1(a) den Rialachán sin:

'Is é aidhm an Rialacháin seo:

(a) prionsabail, coinníollacha agus teorainneacha a shainmhíniú ar fhorais leasa phoiblí nó phríobháidigh a rialaíonn an ceart rochtana ar dhoiciméid Pharlaimint na hEorpa, Chomhairle [an Aontais Eorpaigh] agus an Choimisiúin [...] dá bhforáiltear in Airteagal [255 CE] i gcaoi is go ndeonófar an rochtain is leithne agus is féidir ar na doiciméid sin;'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 2(3) den Rialachán sin:

‘Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na doiciméid uile atá i seilbh institiúide, eadhon, doiciméid arna dtarraingt suas aici nó arna bhfáil aici agus atá ina seilbh, i ngach réimse gníomhaíochta de chuid an Aontais Eorpaigh.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 De réir Airteagal 3 den Rialachán sin, ciallaíonn ‘doiciméad’ ‘aon ábhar is cuma cén meán ina bhfuil sé (i scríbhinn ar pháipéar nó arna stóráil i bhfoirm leictreonach nó mar fhuaimthaifeadadh, mar amharcthaifeadadh nó mar thaifeadadh closamhairc) ar ábhar é a bhfuil baint aige le ní a bhaineann le beartais, gníomhaíochtaí agus cinntí a thagann faoi réim raon freagrachta na hinstitiúide.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Leagtar amach an méid a leanas in Airteagal 4(1), (3) agus (7) de Rialachán 1049/2001:

‘1. Diúltóidh na hinstitiúidí rochtain a thabhairt ar dhoiciméad i gcás ina ndéanfadh nochtadh dochar do chosaint:

[…]

(b) saol príobháideach agus sláine an duine, go háirithe i gcomhréir le reachtaíocht an Chomhphobail maidir le cosaint sonraí pearsanta;

[…]

3. Diúltófar rochtain a thabhairt ar dhoiciméad arna tharraingt suas ag institiúid dá húsáid inmheánach nó arna fháil ag institiúid, ar doiciméad é a bhaineann le hábhar nach bhfuil cinneadh déanta aici ina leith fós, dá ndéanfaí lena nochtadh dochar tromchúiseach do phróiseas cinnteoireachta na hinstitiúide sin, mura bhfuil leas sáraitheach poiblí ann i dtaca le nochtadh an doiciméid lena mbaineann.

Diúltófar rochtain a thabhairt ar dhoiciméad ina bhfuil tuairimí atá beartaithe le haghaidh úsáid inmheánach mar chuid de phléití agus réamhchomhairliúcháin laistigh den institiúid lena mbaineann, fiú tar éis an cinneadh a ghlacadh, i gcás ina ndéanfaí dochar tromchúiseach do phróiseas cinnteoireachta na hinstitiúide dá nochtfaí an doiciméad, mura bhfuil leas sáraitheach poiblí ann i dtaca le nochtadh an doiciméid lena mbaineann.

[…]

7. Ní bheidh feidhm ag na heisceachtaí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 ach amháin le linn na tréimhse a bheidh bonn cirt leis an gcosaint ar bhonn ábhar an doiciméid. Féadfaidh feidhm bheith ag na heisceachtaí ar feadh uastréimhse 30 bliain. I gcás doiciméid a thagann faoi na heisceachtaí maidir le príobháideachas nó leasanna tráchtála agus doiciméid íogaire, d’fhéadfadh feidhm leanúint de bheith ag na heisceachtaí i ndiaidh na tréimhse sin.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear don mhéid a leanas le hAirteagal 7(2) den Rialachán sin:

‘I gcás ina ndiúltaítear don iarratas go hiomlán nó go páirteach, féadfaidh an t-iarratasóir, laistigh de 15 lá oibre ó fhreagra na hinstitiúide a fháil, iarratas deimhnitheach a dhéanamh, ag iarraidh ar an institiúid athmhachnamh a dhéanamh ar a seasamh.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 De réir Airteagal 8(3) den Rialachán sin:

‘Measfar gurb ionann freagra gan a thabhairt ag an institiúid faoin tréimhse riachtanach agus freagra diúltach agus beidh caingean dlí intugtha ag an iarratasóir i gcoinne na hinstitiúide dá réir [...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán (CE) Uimh. 178/2002

9 Foráiltear don mhéid a leanas leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 58(1) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO 2002 L 31, lch. 1), arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 (IO 2014 L 189, lch. 1):

‘Beidh de chúnamh ag an gCoimisiún an Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha [...] Is ionann an coiste sin agus coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO 2011 L 55, lch. 13)]. [...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009

10 Foráiltear don mhéid a leanas le hAirteagal 29(1) agus (6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO 2009 L 309, lch. 1), ar Airteagal é dar teideal ‘Ceanglais maidir le cur ar an margadh a údarú’:

‘1. Gan dochar d’Airteagal 50, ní údarófar táirge cosanta plandaí ach amháin i gcás ina gcomhlíonann sé, de réir na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear i mír 6, na ceanglais seo a leanas:

[...]

6. Maidir leis na prionsabail aonfhoirmeacha chun measúnú agus údarú a dhéanamh ar tháirgí cosanta plandaí, beidh na ceanglais iontu a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir 91/414/CEE [maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO 2009 L 309, lch. 1)] agus leagfar síos iad i Rialacháin arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá

dtagraítear in Airteagal 79(2) gan aon mhodhnuithe substaintiúla a dhéanamh orthu. Déanfar aon leasuithe ina dhiaidh sin ar na Rialacháin sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 78(1)(c).

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 33(1) den Rialachán sin, ar Airteagal é dar teideal 'Iarratas ar údarú nó ar leasú ar údarú':

'Déanfaidh iarratasóir ar mian leis táirge cosanta plandaí a chur ar an margadh iarratas ar údarú nó ar leasú ar údarú, é féin nó trí ionadaí, chuig gach Ballstát a mbeidh sé beartaithe an táirge cosanta plandaí a chur ar an margadh ann.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 Sonraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 36 den Rialachán sin, dar teideal ' Scrúdú i gcomhair údarúcháin' go ndéanfaidh an Ballstát a scrúdóidh a leithéid d'iarratas measúnú neamhspleách oibiachtúil trédhearcach i bhfianaise an eolais reatha eolaíoch agus theicniúil trí úsáid a bhaint as na treoirdhoiciméid atá ar fáil tráth an iarratais.

13 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 77 den Rialachán sin, dar teideal 'Treoirdhoiciméid':

'Chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 79(2), doiciméid theicniúla agus doiciméid treorach eile, amhail nótaí míniúcháin nó doiciméid treorach ar ábhar an iarratais [ar údarú] a bhaineann le miocrorgánaigh, fearamóin agus táirgí bitheolaíocha, a ghlacadh nó a leasú. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar [EFSA] treoirdhoiciméid den sórt sin a ullmhú nó ábhar a chur ar fáil dóibh.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

14 Leagtar amach le hAirteagal 78(1) de Rialachán Uimh. 1107/2009, ar Airteagal é dar teideal 'Leasuithe agus bearta cur chun feidhme' na bearta 'a ceapfar chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán [sin] a leasú' a 'g[h]lacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 79(4) [den Rialachán sin]. Go háirithe, i gcomhréir le hAirteagal 78(1)(c) sin, glacfar i gcomhréir leis an nós imeachta sin 'na leasuithe ar an Rialachán maidir le prionsabail aonfhoirmeacha do mheastóireacht agus d'údarú na dtáirgí cosanta plandaí, dá dtagraítear in Airteagal 29(6) [den Rialachán sin], agus an t-eolas reatha eolaíoch agus teicniúil á chur san áireamh'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

15 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 79(1), (2) agus (4) de Rialachán 1107/2009, ar Airteagal é dar teideal 'Nós imeachta coiste':

'1. Tabharfaidh an Buanchoiste um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe, arna bhunú le hAirteagal 58 de Rialachán [Uimh. 178/2002], cúnamh don Choimisiún.

2. I gcás go dtagrófar don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagail 3 agus 7 de Chinneadh 1999/468/CE [ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos nósanna imeachta maidir

le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO 1999 L 184, lch. 23)], ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

[...]

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh [1999/468], ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán Uimh. 182/2011

16 De réir aithrisí 6, 13 agus 19 go 21 a ghabhann le Rialachán Uimh. 182/2011:

'(6) Maidir leis na gníomhartha bunúsacha sin lena gceanglaítear rialú ag na Ballstáit i ndáil le glacadh gníomhartha cur chun feidhme ag an gCoimisiún, is iomchuí, chun críocha rialaithe den sórt sin, go ndéanfaí coistí a bheadh comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit, faoi chathaoirleacht an Choimisiúin, a chur ar bun.

[...]

(13) Ba cheart do chathaoirleach coiste féachaint le teacht ar réitigh a bhfuil an tacaíocht is leithne agus is féidir acu laistigh den choiste nó den choiste achomhairc agus ba cheart go míneodh an cathaoirleach an modh ina ndearnadh na pléití agus na moltaí i gcomhair leasuithe a chur san áireamh. [...]

[...]

(19) Ní mór teacht a áirithiú ar fhaisnéis ar imeachtaí na gcoistí, i gcomhréir le Rialachán [Uimh. 1049/2001].

(20) Ba cheart don Choimisiún clár ina mbeidh faisnéis faoi imeachtaí coistí a choinneáil. Dá dhroim sin, maidir leis na rialacha a bhaineann le cosaint doiciméad atá aicmithe mar dhoiciméid rúnda agus is infheidhme maidir leis an gCoimisiún, ba cheart go mbeadh feidhm acu freisin maidir le húsáid an chláir.

(21) Ni mór Cinneadh 1999/468/CE a aisghairm. Chun an trasdul ón réimeas dá bhforáiltear i gCinneadh [1999/468] chuig an Rialachán seo a áirithiú, ba cheart a thuiscint gurb ionann aon tagairt i reachtaíocht atá ann cheana do na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Chinneadh sin, cé is moite den nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú dá bhforáiltear in Airteagal 5a den Chinneadh sin, agus tagairt do na nósanna imeachta comhfhreagracha dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Ba cheart éifeachtaí Airteagal 5a de Chinneadh [1999/468] a choimeád i bhfeidhm go sealadach chun críocha na ngníomhartha bunúsacha atá ann cheana agus a dhéanann tagairt don Airteagal sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

17 Foráiltear le hAirteagal 3 de Rialachán Uimh. 182/2011, dar teideal ‘Comhfhorálacha’:

‘1. Beidh feidhm ag na forálacha coiteanna a leagtar amach san Airteagal seo maidir leis na nósanna imeachta go léir dá dtagraítear in Airteagail 4 go 8.

2. Déanfaidh coiste a bheidh comhdhéanta d’ionadaithe ó na Ballstáit cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Déanfaidh ionadaí ón gCoimisiún cathaoirleacht ar an gcoiste. [...]

3. Déanfaidh an cathaoirleach an dréachtghníomh cur chun feidhme atá le glacadh ag an gCoimisiún a chur faoi bhráid an choiste.

[...]

4. Go dtí go dtugann an coiste tuairim, féadfaidh aon chomhalta den choiste leasuithe a mholadh agus féadfaidh an cathaoirleach leaganacha leasuithe den dréachtghníomh cur chun feidhme a thíolacadh.

Féachfaidh an cathaoirleach le teacht ar réitigh a mbeidh an tacaíocht is forleithne agus is féidir acu laistigh den choiste. [...]

[...]

6. Déanfar tuairim an choiste a thaifeadadh sna miontuairiscí. [...]

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

18 Leagtar amach an méid seo a leanas in Airteagal 4 den Rialachán sin, dar teideal ‘Raon feidhme’:

‘1. I gcás ina mbeidh feidhm ag an nós imeachta comhairleach, tabharfaidh an coiste a thuairim trí vótáil más gá sin. [...]

2. Cinnfidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme atá le glacadh, agus na conclúidí ó aon phlé laistigh den choiste agus an tuairim a tugadh á gcur san áireamh go hiomlán.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

19 De réir Airteagal 9 de na Rialacha sin, dar teideal ‘Rialacha Nós Imeachta’:

‘1. Déanfaidh gach coiste, trí thromlach simplí de na comhaltaí a chomhdhéanann é, a rialacha nós imeachta féin a ghlacadh ar thogra óna chathaoirleach, ar bhonn rialacha caighdeánacha atá le tarraingt suas ag an gCoimisiún tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit. Foilseoidh an Coimisiún na rialacha caighdeánacha sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

A mhéid is gá, déanfaidh coistí atá ann cheana a rialacha nós imeachta a oiriúnú do na rialacha caighdeánacha.

2. Maidir leis na prionsabail agus na coinníollacha a bhaineann le rochtain phoiblí ar dhoiciméid agus leis na rialacha i ndáil le cosaint sonraí atá infheidhme maidir leis an gCoimisiún, beidh feidhm acu freisin maidir leis na coistí.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

20 Foráiltear le hAirteagal 10 den Rialachán sin, dar teideal 'Faisnéis ar imeachtaí coiste', go gcoimeádfar clár d'imeachtaí coiste ina bhfuil roinnt eilimintí. I gcomhréir le hAirteagal 10(5), 'foilseofar sa chlár' na tagairtí do na doiciméid ar fad atá sa chlár sin, agus do na sonraí staidrimh ar imeachtaí na gcoistí.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

21 Foráiltear le hAirteagal 11 de Rialachán Uimh. 182/2011, dar teideal 'Ceart grinnscrúdaithe ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle', i gcás ina nglactar gníomh bunúsach faoin ngnáthnós imeachta reachtach, go bhféadfaidh an Pharlaimint agus an Chomhairle araon, in am ar bith, a tuairim a chur in iúl don Choimisiún go bhfuil dréachtghníomh cur chun feidhme de shárú ar na hinniúlachtaí cur chun feidhme dá dtagraítear sa bhunghníomh, ar dá réir a dhéanfaidh an Coimisiún athscrúdú ar an dréachtdoiciméid forghníomhaithe, i bhfianaise na seasamh arna gcur in iúl.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

22 Aisghaireadh Cinneadh 1999/468 leis an gcéad mhír d'Airteagal 12 den Rialachán sin.

23 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 13 den Rialachán sin, dar teideal 'Forálacha idirthréimhseacha: gníomhartha bunúsacha atá ann cheana a oiriúnú':

'1. I gcás ina ndéantar foráil le gníomhartha bunúsacha a glacadh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir le feidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún i gcomhréir le Cinneadh [1999/468], beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:

(a) i gcás ina ndéantar tagairt sa ghníomh bunúsach d'Airteagal 3 de Chinneadh [1999/468], beidh feidhm ag an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 4 den Rialachán seo;

[...]

(e) i gcás ina ndéantar tagairt sa ghníomh bunúsach d'Airteagail 7 agus 8 de Chinneadh [1999/468], beidh feidhm ag Airteagail 10 agus ag 11 den Rialachán seo.

2. Chun críocha mhír 1, beidh feidhm ag Airteagail 3 agus ag 9 den Rialachán seo maidir le gach coiste atá ann cheana.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Cinneadh 1999/468

24 Foráiltear don mhéid a leanas le hAirteagal 5a(1) go (3) de Chinneadh 1999/468, ar Airteagal dar teideal 'Nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú', a cuireadh leis an gCinneadh sin le Cinneadh 2006/512/CE ón gComhairle an 17 Iúil 2006 (IO 2006 L 200, lch. 11):

'1. Tabharfaidh Coiste um an Nós Imeachta Rialúcháin lena ngabhann Grinnscrúdú cúnamh don Choimisiún, is iad ionadaithe na mBallstát a bheidh ar an gCoiste sin agus is é ionadaí an Choimisiúin a bheidh ina chathaoirleach air.

2. Cuirfidh ionadaí an Choimisiúin dréacht de na bearta a bheidh le glacadh faoi bhráid an Choiste. Tabharfaidh an Coiste a thuairim faoin dréacht sin, laistigh de theorainn ama a bhféadfaidh an Cathaoirleach í a shocrú de réir phráinn an ábhair. Is tríd an tromlach a leagtar síos in Airteagal 205(2) agus (4) [CE] den Chonradh a thabharfar an tuairim i gcás cinntí a gceanglaítear ar an gComhairle a ghlacadh ar thogra ón gCoimisiún. Maidir leis na vótaí laistigh den choiste, déanfar vótaí ionadaithe na mBallstát a ualú de réir mar a shainmhínítear san Airteagal sin. Ní bheidh vóta ag an gcathaoirleach.

3. I gcás ina mbeidh na bearta atá beartaithe ag an gCoimisiún i gcomhréir le tuairim an Choiste, beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas:

(a) cuirfidh an Coimisiún na dréachtbhearta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, gan mhoill, chun go ndéanfar grinnscrúdú orthu;

(b) féadfaidh Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di trí thromlach a comhaltaí, nó an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, cur i gcoinne na mbeart a ghlac an Coimisiún, ar an bhforas go sáraíonn na bearta na cumhachtaí cur chun feidhme dá bhforáiltear san ionstraim bhunúsach, nó nach bhfuil siad comhoiriúnach le haidhm na hionstraime bunúsaí nó lena bhfuil inti, nó nach n-urramaítear prionsabal na coimhdeachta nó na comhréireachta leo;

(c) más rud é, laistigh de 3 mhí ón dáta ar cuireadh faoina mbráid iad, go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle i gcoinne na ndréachtbheart, ní ghlacfaidh an Coimisiún na dréachtbhearta sin. Sa chás sin, féadfaidh an Coimisiún dréachtleasú de na bearta a chur faoi bhráid an Choiste nó togra reachtach a thíolacadh ar bhonn an Chonartha;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialacha Caighdeánacha Nós Imeachta do Choistí

25 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 10(2) de na Rialacha Caighdeánacha Nós Imeachta do Choistí (IO 2011 C 206, lch. 11), dar teideal 'Miontuairiscí agus cuntas achomair ar chruinnithe':

'Chun críocha Airteagal 10 de Rialachán [Uimh. 182/2011], beidh an Cathaoirleach freagrach as cuntas achomair a thabhairt ina gcuirfear síos ar phointí uile an chláir oibre agus ar thoradh gach vóta maidir le gach dréachtghníomh cur chun feidhme arna chur faoi bhráid an choiste. Ní luafar sa chuntas achomair seasamh aonair na gcomhaltaí le linn chur agus chúiteamh an choiste.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

26 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 13 de na Rialacha Caighdeánacha Nós Imeachta sin, dar teideal ‘Rochtain ar dhoiciméid agus rúndacht’:

‘1. Caithfear le hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid an choiste i gcomhréir le Rialachán [Uimh. 1049/2001]. I gcomhréir lena Rialacha Nós Imeachta, arna leasú le Cinneadh 2001/937/CE, CEGC, Euratom [ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2001 (IO 2001 L 345, lch. 94), is faoin gCoimisiún atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais ar rochtain ar na doiciméid sin. [...]

2. Beidh cur agus cúiteamh an choiste faoi rún.

3. Beidh na doiciméid arna seoladh chuig comhaltaí an choiste, chuig na saineolaithe agus chuig ionadaithe tríú páirtithe faoi rún [...], ach amháin i gcás ina dtabharfar rochtain ar na doiciméid sin i gcomhréir le mír 1, nó i gcás ina bhfoilseoidh ar shlí eile iad.

4. Beidh na hoibleagáidí rúndachta arna mbunú san Airteagal seo le comhlíonadh ag comhaltaí an choiste, ag na saineolaithe agus ag na hionadaithe tríú páirtithe. Áiritheoidh an cathaoirleach go gcuirfear saineolaithe agus ionadaithe tríú páirtithe ar an eolas faoi na ceanglais rúndachta arna leagan orthu.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Cúlra na díospóide

27 Leagtar amach cúlra na díospóide i míreanna 3 go 14 den bhreithiúnas atá faoi achomharc. Chun críocha na n-imeachtaí seo, tá achoimre indéanta air mar seo a leanas.

28 Is eagraíocht neamhrialtasach Fhrancach é Pollinis France a oibríonn chun an comhshaol a chosaint agus é mar chuspóir aige beacha allta coiteanna a chosaint agus talmhaíocht inbhuanaithe a chothú d’fhonn cabhrú le pailneoirí a chaomhnú. An 27 Eanáir 2020, ar bhonn Rialachán Uimh. 1049/2001 agus Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus ar chomhlachtaí Comhphobail (IO 2006 L 264, lch. 13), chuir Pollinis France iarratas faoi bhráid an Choimisiúin chun rochtain a fháil ar dhoiciméid áirithe maidir leis an treoirdhoiciméad arna ghlacadh ag EFSA in 2013. Dá réir sin, baineadh ó raon feidhme an iarratais sin agus rinneadh nach raibh baint aige ach leis na doiciméid lena leagtar amach seasaimh na mBallstát, chomhaltaí an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha (*Standing Committee on Plants, Animals, Food agus Feeds*, ‘Scopaff’) agus an Choimisiúin ar an treoirdhoiciméad sin agus le haon dréacht a bhaineann leis an ábhar sin arna fháil nó arna dhréachtú ag an gCoimisiún ó mhí Dheireadh Fómhair 2018 ar aghaidh.

29 Trí litir an 16 Márta 2020, chuir an Coimisiún in iúl do Pollinis France gur bhain a iarratas le 25 dhoiciméad, a raibh 6 cinn acu ar fáil ar líne. Aithníodh gurbh iad a bhí sna na 19 ndoiciméad eile ná ríomhphoist a raibh Iarscríbhinní i gcuid acu, arna seoladh ag Ballstáit áirithe chuig Scopaff idir mí Eanáir agus mí Iúil 2019 agus a bhaineann, go bunúsach, leis an treoirdhoiciméad arna ghlacadh ag EFSA in 2013 nó lena chur chun feidhme, go háirithe dréachtleasú ar na prionsabail aonfhoirmeacha do mheastóireacht agus d’údarú na dtáirgí cosanta plandaí, dá dtagraítear in

Airteagal 29(6) de Rialachán Uimh. 1107/2009. Dhiúltaigh an Coimisiún rochtain a thabhairt ar na doiciméid sin, agus an eisceacht á hagairt aige dá bhforáiltear sa dara fomhír d'Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001.

30 An 25 Márta 2020, rinne Pollinis France iarratas daingniúcháin, de réir bhrí Airteagal 7(2) den Rialachán sin.

31 Leis an gcinneadh atá faoi chonspóid i gCás T-371/20, thug an Coimisiún freagra sainráite ar an iarratas daingniúcháin sin, trí pháirt-rochtain a thabhairt ar na 19 ndoiciméad dá dtagraítear i mír 29 den bhreithiúnas sin, ar dá réir a dhiúltaigh sé rochtain a thabhairt ar chodanna áirithe de faoi na heisceachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 4(1)(b) agus sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001 agus ar dá réir a dhiúltaigh sé rochtain a thabhairt ar na doiciméid eile ar fad dá dtagraítear san iarratas sin de réir na heisceachta dá dtagraítear san fhoráil sin.

32 An 8 Aibreán 2020, chuir Pollinis France iarratas eile faoi bhráid an Choimisiúin maidir le rochtain ar dhoiciméid áirithe a bhaineann leis an treoirdhoiciméad arna ghlacadh ag EFSA in 2013, a bhaineann, go bunúsach, le comhfhreagras, cláir oibre, miontuairiscí agus tuarascálacha na gcruinnithe idir comhaltaí Scopaff agus oifigigh áirithe agus comhaltaí den Choimisiún idir mí Iúil 2013 agus mí Mheán Fómhair 2018.

33 Trí litir an 8 Bealtaine 2020, d'admhaigh an Coimisiún 59 ndoiciméad a bhaineann leis an iarratas sin ar rochtain, ar dhiúltaigh sé dóibh ina n-iomláine, agus an eisceacht á hagairt aige dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001. De réir bhreithnithe na Cúirte Ginearálta, ríomhphoist nó 'tráchtaireachtaí' atá sna doiciméid sin, a sheol Ballstáit áirithe chucu i Scopaff idir mí Mheán Fómhair 2013 agus mí na Nollag 2018 agus a bhaineann, go bunúsach, leis an treoirdhoiciméad arna ghlacadh ag EFSA in 2013 nó lena chur chun feidhme.

34 An 25 Bealtaine 2020, rinne Pollinis France iarratas daingniúcháin maidir le rochtain ar na doiciméid sin.

35 Leis an gcinneadh atá faoi chonspóid i gCás T-554/20, thug an Coimisiún páirt-rochtain ar cheithre dhoiciméad, agus na heisceachtaí á n-agairt aige dá bhforáiltear in Airteagal 4(1)(b) agus sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001 le haghaidh na gcodanna de na doiciméid sin ar dhiúltaigh sé rochtain a thabhairt orthu. Dhiúltaigh an institiúid sin rochtain, nó fiú páirt-rochtain, a thabhairt ar gach doiciméad eile dá dtagraítear san iarratas sin, ar aithin sí gur ríomhphoist iad, agus an chéad fhomhír d'Airteagal 4(3) á agairt aici.

Na caingne os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas atá faoi achomharc

36 Ós rud é nár tugadh freagra sainráite ar an iarratas daingniúcháin dá chuid an 25 Márta 2020, thug Pollinis France caingean le haghaidh neamhniú an chinnidh diúltaithe intuigthe, i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001, trí iarratas arna thaisceadh ag Clárlann na Cúirte Ginearálta an 15 Meitheamh 2020. I ndiaidh ghlacadh an chinnidh atá faoi chonspóid i gCás T-371/20 an 19 Meitheamh 2020, thaisc Pollinis France ráiteas ag Clárlann na Cúirte Ginearálta chun a iarratas a leasú, de réir Airteagal 86 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte sin.

37 Le hiarratas arna thaisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 8 Meán Fómhair 2020, thug Pollinis France caingean le haghaidh neamhniú an chinnidh atá faoi chonspóid i gCás T-554/20.

38 Mar thaca lena chaingne, thóg Pollinis France ceithre shaincheist dlí i gcoinne gach ceann de na cinntí atá faoi chonspóid, lena n-éilítear, go bunúsach, ar an gcéad dul síos, sárú ar Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001, sa mhéid nár chuir an Coimisiún an eisceacht a bhaineann le cosaint an phróisis cinnteoireachta i bhfeidhm i gceart; ar an dara dul síos, sárú ar an bhforáil sin, sa mhéid go raibh leas sáraitheach poiblí ann i nochtadh na ndoiciméad a iarradh; ar an tríú dul síos, sárú ar Airteagal 6(1) de Rialachán Uimh. 1367/2006, sa mhéid nár mhór léiriú a bhí níos doichte fiú a dhéanamh ar an eisceacht dá bhforáiltear in Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001 toisc gur bhain an fhaisnéis a iarradh le hastaíochtaí sa chomhshaol agus, ar an gceathrú dul síos, gur cuireadh Airteagal 4(1)(b) agus Airteagal 4(6) den Rialachán sin i bhfeidhm go mícheart.

39 Bhí dhá ghearán sa dara cuid den chéad saincheist dlí de na caingne. Leis an gcéad ghearán sa dara cuid, chuir Pollinis France ábharthacht na heisceachta dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(3) faoi chonspóid, sa mhéid nach raibh an próiseas cinnteoireachta maidir leis an doiciméad arna ghlacadh ag EFSA in 2013 ar siúl a thuilleadh.

40 I ndáil leis sin, thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara, ar an gcéad dul síos, i mír 49 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh an treoirdhoiciméad arna ghlacadh ag EFSA in 2013 á phlé acu siúd in Scopaff ar feadh roinnt blianta, gan teacht ar aon chomhaontú maidir leis an téacs de, toisc na mBallstát a bheith ar mhalairt tuairime agus gan an doiciméad sin a ghlacadh ag an gCoimisiún.

41 Le bheith níos cruinne faoi, mar is léir ó mhíreanna 50 agus 51 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ós rud é nár glacadh an doiciméad sin ann féin, mhol an Coimisiún, le linn 2018, codanna áirithe de a chur chun feidhme trí leasuithe a dhéanamh ar na prionsabail aonfhoirmeacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 546/2011 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le prionsabail aonfhoirmeacha do mheastóireacht agus d'údarú na dtáirgí cosanta plandaí (IO 2011 L 155, lch. 127). Mar sin, in 2018, chuir an Coimisiún dréacht-Rialachán chun Rialachán Uimh. 546/2011 a leasú faoi bhráid iad siúd in Scopaff lena dtuairim air a fháil ar mhaithe lena ghlacadh de réir an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468, i gcomhréir le hAirteagal 29(6), Airteagal 78(1)(c) agus Airteagal 79(4) de Rialachán Uimh. 1107/2009. I mí Iúil 2019, d'eisigh Scopaff tuairim dhearfach ar an dréacht sin. Níor ghlac an Coimisiún an dréacht sin riamh, ós rud é gur chuir an Pharlaimint i gcoinne a ghlactha i mí Dheireadh Fómhair 2019, agus í den tuairim nár foráladh sa dréacht sin do leibhéal leordhóthanach cosanta.

42 Ar an dara dul síos, chinn an Chúirt Ghinearálta i míreanna 52 agus 58 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, cé nach raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún, go dtí 2018, go ndéanfadh EFSA athbhreithniú ar an treoirdhoiciméad arna ghlacadh ag EFSA in 2013, d'iarr sí ar an údarás sin, i mí an Mhárta 2019, a leithéid d'athbhreithniú a dhéanamh, chun na cora sa scéal ó thaobh na heolaíochta ó 2013 ar aghaidh a chur san áireamh.

43 Is sa chomhthéacs sin, i mír 53 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur thug an Chúirt Ghinearálta dá haire, leis na cinntí atá faoi chonspóid, a glacadh i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2020, gur luaigh an Coimisiún, go dtí go dtabharfaí chun críche an t-athbhreithniú a rinne EFSA ar an treoirdhoiciméad arna ghlacadh ag EFSA in 2013, gur 'éiríodh' ag Scopaff as a athbhreithniú a dhéanamh dá réir go bhféadfaí a mheas go raibh an próiseas cinnteoireachta 'ar siúl', ós rud é nach mbeadh atús inchurtha leis ach go bhfuil críoch leis an athbhreithniú sin.

44 I bhfianaise na mbreithnithe sin, shonraigh an Chúirt Ghinearálta, i mír 55 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach bhféadfaí a mheas, murab ionann agus an méid a chinn an Coimisiún, go raibh an próiseas cinnteoireachta, lena mbaineann na doiciméid arna n-iarraidh, ar siúl agus na cinntí atá faoi chonspóid á nglacadh.

45 Le bheith níos cruinne faoi, thug an Chúirt dá haire, i mír 56 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur deimhin go bhféadfaí a mheas gur bhain na doiciméid arna n-iarraidh le próiseas cinnteoireachta an Choimisiúin a tharla idir 2013 agus 2019 agus a fhéachtar tríothu leis an treoirdhoiciméad arna ghlacadh ag EFSA in 2013 a chur chun feidhme ina iomláine nó go páirteach 'trí ghlacadh [an doiciméid sin] mar atá sé de réir an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear i Rialachán Uimh. 182/2011, nó trí leasú na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear le Rialachán Uimh. 182/2011 de réir an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú dá dtagraítear le Cinneadh 1999/468'. Ar ghlacadh na gcinntí atá faoi chonspóid, áfach, níor féachadh leis an doiciméad sin a chur chun feidhme le haon phróiseas cinnteoireachta a thuilleadh, de réir an nós imeachta comhairleach ná de réir an nós imeachta lena ngabhann grinnscrúdú. Dar leis an gCúirt Ghinearálta, ar a mhalairt, chinn an Coimisiún, go hintuigthe ach go riachtanach, gan an doiciméad sin a chur chun feidhme a thuilleadh. Thabharfaí le tuiscint ó athbhreithniú a bheith á dhéanamh ar an treoirdhoiciméad sin agus na cinntí atá faoi chonspóid á nglacadh, agus uaidh sin amháin, gur dhochinnte ábhar aon treoirdhoiciméid athbhreithnithe, an chaoi a d'fhéadfaí glacadh leis agus an nós imeachta a d'fhéadfaí cloí leis ina leith sin agus, dá bhrí sin, nach raibh aon fheidhm ag próiseas cinnteoireachta an Choimisiúin.

46 I mír 57 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta, fiú ar an mbun go raibh sé de chuspóir ag an institiúid sin 'treoirdhoiciméad a chur chun feidhme maidir le beacha go fóill, ar mhaithe le doiciméad a sholáthar d'údaráis na mBallstát lena léirítear "eolas reatha eolaíocha agus teicniúil" i gcomhréir le hAirteagal 36(1) de Rialachán Uimh. 1107/2009', ní thabharfaí le tuiscint uaidh sin ar chor ar bith, ann féin, go raibh próiseas cinnteoireachta ar siúl ar ghlacadh na gcinntí atá faoi chonspóid a bhaineann lena leithéid de dhoiciméad. Os a choinne sin, de réir na Cúirte Ginearálta, tá sé inléirithe óna bhfuil sa cháschomhad gur chinn an Coimisiún gan an treoirdhoiciméad arna ghlacadh ag EFSA in 2013 a chur chun feidhme. D'fhéadfaí a mheas go raibh próiseas cinnteoireachta ann ar thaisceadh doiciméid athbhreithnithe don Choimisiún ag EFSA agus ar chinneadh ag an gCoimisiún é a chur chun feidhme, rud arbh é a bhí i gceist leis ar ghlacadh na gcinntí atá faoi chonspóid ná cur i gcás, de réir na Cúirte Ginearálta.

47 Mar sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 49 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nárbh inagartha le bunús ag an gCoimisiún, ar ghlacadh na gcinntí atá faoi chonspóid, na heisceachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001, trí bhéim a chur, ach go háirithe, i mír 60 den bhreithiúnas sin, ar an idirdhealú arna dhéanamh leis an bhforáil sin de réir clabhsúr a bheith nó gan bheith curtha ar imeachtaí, ar bhonn mhíreanna 78, 80 agus 82 de bhreithiúnas an 21 Iúil 2011, *an tSualainn* v *MyTravel agus an Coimisiún* (C-506/08 P, EU:C:2011:496) ina leith sin.

48 Dá bhrí sin, i mír 61 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, sheas an Chúirt Ghinearálta leis an gcéad ghearán sa dara cuid den chéad saincheist dlí agus, dá bhrí sin, chuir sí na cinntí atá faoi chonspóid ar neamhní a mhéid a diúltaíodh leo, ar bhonn na forála sin, rochtain a thabhairt ar na doiciméid arna n-iarraidh.

49 Mar a chuir sí in iúl i mír 62 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, áfach, mheas an Chúirt Ghinearálta nár mhór, i gcás ina mbeadh sé le meas go raibh feidhm ag an gcéad fhomhír d'Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001 maidir leis an díospóid seo, scrúdú a dhéanamh ar an dara gearán den dara cuid den chéad saincheist dlí arna thógáil os a comhair, lenar chuir Pollinis France faoi chonspóid na húdair arna dtabhairt ag an gCoimisiún le cur i bhfeidhm na heisceachta dá bhforáiltear san fhoráil sin, maidir leis na coinníollacha chun an fhoráil sin a chur i bhfeidhm seachas an ceann a bhaineann le próiseas cinnteoireachta atá ar siúl a bheith ann. Tar éis anailís a dhéanamh ar fhiúntas na n-údar sin, arna leagan amach i míreanna 82 go 138 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, sheas an Chúirt Ghinearálta leis an dara gearán sin.

50 I bhfianaise na mbreithnithe sin, chuir an Chúirt Ghinearálta na cinntí atá faoi chonspóid ar neamhní a mhéid a dhiúltaítear leo, ar bhonn na chéad fhomhíre d'Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001, rochtain a thabhairt ar na doiciméid arna n-iarraidh.

An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe san achomharc

51 Trína achomharc, iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní agus

– a ordú do Pollinis France na costais a bhaineann le Cásanna T-371/20 agus T-554/20 agus as an achomharc seo a íoc.

52 Iarrann Pollinis France ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– diúltú don achomharc seo; agus

– a ordú don Choimisiún na costais a íoc ar thabhaigh sé mar chuid de na himeachtaí achomhairc seo.

An t-achomharc

53 Mar thaca lena chaingean, maíonn an Coimisiún dhá shaincheist dlí. Éilítear leis an gcéad saincheist dlí gur sheas an Chúirt Ghinearálta, go háirithe i míreanna 54 go 61 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, le léiriú earráideach ar an gcoincheap 'ábhar nach bhfuil cinneadh déanta [ag institiúid] ina leith fós' de réir bhrí na chéad fhomhíre d'Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001. Éilítear leis an dara saincheist dlí go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, go háirithe i míreanna 85 go 138 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, agus rialú á thabhairt aici ar cé acu an ndearnadh 'difear tromchúiseach do phróiseas cinnteoireachta' na hinstitiúide lena mbaineann, de réir bhrí na forála sin, le nochtadh na ndoiciméad atá i gceist.

An chéad fhoras achomhairc

Argóintí na bpáirtithe

54 Lena chéad saincheist dlí, cuireann an Coimisiún, go bunúsach, an Chúirt Ghinearálta i gcionta le hearráid dlí a dhéanamh le cinneadh nach bhfuil feidhm maidir leis an gcás seo ag an gcéad fhomhír d'Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001. Le bheith níos cruinne faoi, áitíonn sé gur cheart gur leor iarraidh ar EFSA athbhreithniú a dhéanamh ar an treoirdhoiciméad arna ghlacadh ag an institiúid sin in 2013 d'fhonn comhthoil a chothú i measc Scopaff, mar is gá i gcomhthéacs nós imeachta coiste ar mhaithe le hintugthacht tuairime dearfaí ag an gcoiste agus le hinghlacthacht an doiciméid i gceist ag an gCoimisiún mar sin, ionas gur féidir a mheas go raibh 'próiseas cinnteoireachta', de réir na forála sin, ar siúl ar ghlacadh na gcinntí atá faoi chonspóid. Go deimhin, de réir an Choimisiúin, tá an nós imeachta comhairleach a tionscnaíodh in 2013 fós ar siúl mar gheall ar an iarratas sin ar athbhreithniú arna thaisceadh do EFSA.

55 Cuireann an Coimisiún an Chúirt Ghinearálta i gcionta, go háirithe, le meas nárbh infheidhme an fhoráil sin ach amháin i gcás ina n-iarrtar in achomaireacht ar dhréachtghníomh sonrach inaitheanta a ghlacadh. Thairis sin, léireofaí leis na critéir arna n-úsáid ag an gCúirt Ghinearálta i míreanna 54, 56 agus 57 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, dar léi, ar mhaithe le feidhm a bheith ag an bhforáil sin, nár mhór iarraidh ar institiúid gníomh a ghlacadh a bhfuil ábhar socraithe ann agus go bhfuil an chaoi lena bhféadfaí é a glacadh agus an nós imeachta a bhféadfaí cloí leis ina leith sin sainithe aici cheana féin, rud a dhaingneofaí leis toisc gur dhírigh an Chúirt Ghinearálta, go háirithe i míreanna 56 agus 57 den bhreithiúnas sin, ar ábhar an doiciméid arna thaisceadh do EFSA le hathbhreithniú a dhéanamh air. Thairis sin, tá an Coimisiún den tuairim, murab ionann agus a bhí á mheas ag an gCúirt Ghinearálta i mír 58 den bhreithiúnas sin, gur céim an phróiseas cinnteoireachta, a bhfuil sé de chuspóir deiridh leis téacs a ghlacadh, é an cinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar théacs ar mhaithe le feabhas bunúsach a chur air agus fáil comhthola a éascú.

56 Trí mhír 68 de bhreithiúnas an 13 Iúil 2017, *Saint-Gobain Glass Deutschland* v *an Coimisiún* (C-60/15 P, EU:C:2017:540), a agairt, dearbhaíonn an Coimisiún gurb é is critéar ábhartha ar mhaithe le cinneadh an bhfuil feidhm ag an gcéad fhomhír d'Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001, ná an critéar maidir le feidhmiú iarbhír a hinniúlachta ag an institiúid lena mbaineann agus an cuspóir arna shaothrú ag an bhfeidhmiú sin, rud a d'fhéadfadh leasuithe a bheith ag gabháil leis ar ábhar, stráitéis nó an nós imeachta nach mór cloí leis chun an cuspóir sin a bhaint amach. Mar sin, i mír 57 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí ar chinneadh nárbh é cur chun feidhme an treoirdhoiciméid ba chinniúnach le measúnú a dhéanamh ar cé acu 'ábhar [a bheith ann] nach bhfuil cinneadh déanta [ag institiúid] ina leith fós', de réir na forála sin. Áitíonn an Coimisiún nár éirigh sé riamh as treoirdhoiciméad maidir le beacha a sholáthar d'údaráis na mBallstát, i gcomhréir le hAirteagal 36(1) de Rialachán Uimh. 1107/2009.

57 Cuireann Pollinis France i gcoinne na n-argóintí sin go léir.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

58 Mar réamhphointe, ní mór a thabhairt chun cuimhne, mar is léir ó aithris 1 de Rialachán Uimh. 1049/2001, go mbaineann an Rialachán sin leis an rún, arna léiriú sa dara fomhír d'Airteagal 1 CAE, céim nua a chinneadh sa phróiseas um aontas síordhlúithe a chruthú idir pobail na hEorpa, ina nglactar cinntí in urraim sin agus is féidir do phrionsabal na hoscailteachta agus faoi mar atá a dlúithe sin agus is féidir do na saoránaigh.

59 Léirítear cuspóir bunúsach sin an Aontais chomh maith le hAirteagal 15(1) CFAE lena bhforáiltear, go háirithe, go n-oibríonn na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais in urraim sin agus is féidir do phrionsabal na hoscailteachta, ar prionsabal é a mhaítear in Airteagal 10(3) CAE, Airteagal 298(1) CFAE agus Airteagal 42 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ina gcumhdaítear an ceart chun rochtain a fháil ar dhoiciméid, chomh maith (breithiúnas an 8 Meitheamh 2023, *an Chomhairle* v *Pech*, C-408/21 P, EU:C:2023:461, mír 30 agus an cásdlí dá dtagraítear).

60 Fágtar le haithris 2 a ghabhann le Rialachán Uimh. 1049/2001 go gcumasaítear, trí bhíthin na hoscailteachta, go mbeidh dlisteanacht níos mó ag na hinstitiúidí agus go mbeidh siad níos éifeachtúla agus níos cuntasaí don saoránach i gcóras daonlathach. Trí chead a thabhairt d'éagsúlachtaí idir roinnt tuairimí a phlé go hoscailte, cuidíonn sí sin freisin le muinín na saoránach sin a mhéadú (breithiúnas an 8 Meitheamh 2023, *an Chomhairle* v *Pech*, C-408/21 P, EU:C:2023:461, mír 31 agus an cásdlí dá dtagraítear).

61 Chun na gcríoch sin, foráiltear le hAirteagal 1(a) den Rialachán sin go bhféachtar leis an Rialachán sin a leithne sin de cheart rochtana ar dhoiciméid institiúidí an Aontais dá dtagraítear ann agus is féidir a thabhairt don phobal.

62 Is léir freisin ó Airteagal 4 den Rialachán sin, lena dtugtar isteach córas eisceachtaí i ndáil leis sin, go bhfuil an ceart sin, mar sin féin, faoi réir teorainneacha áirithe bunaithe ar chúiseanna leasa phoiblí nó phríobháidigh. Mar sin féin, ós rud é go maolaítear lena leithéid d'eisceachtaí ar phrionsabal na rochtana poiblí is leithne agus is féidir ar dhoiciméid, is gur docht nach mór léiriú a dhéanamh orthu agus iad a chur i bhfeidhm (breithiúnas an 8 Meitheamh 2023, *an Chomhairle* v *Pech*, C-408/21 P, EU:C:2023:461, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

63 I gcás ina gcinneann an institiúid lena mbaineann diúltú rochtain a thabhairt ar dhoiciméad ar iarradh air é a sheoladh, ní mór dó, i bprionsabal, mínithe a thabhairt ar an gcaoi arb amhlaidh go bhfuil difear indéanta go nithiúil le rochtain ar an doiciméad sin ar an leas arna chosaint le heisceacht dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 1049/2001 atá á agairt ag an institiúid sin. Ina theannta sin, caithfidh sé gur baol is measartha intuartha agus ní baol cur i gcás atá ag baint lena leithéid de dhifear (breithiúnas an 8 Meitheamh 2023, *an Chomhairle* v *Pech*, C-408/21 P, EU:C:2023:461, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

64 Le bheith níos cruinne faoi, ó thaobh na heisceachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(3) den Rialachán sin, sonraítear leis an bhforáil sin go ndiúltófar rochtain a thabhairt ar dhoiciméad arna tharraingt suas ag institiúid dá húsáid inmheánach nó arna fháil ag institiúid, ar doiciméad é a bhaineann le hábhar nach bhfuil cinneadh déanta aici ina leith fós, i gcás ina ndéanfaí lena nochtadh dochar tromchúiseach do phróiseas cinnteoireachta na hinstitiúide sin, mura bhfuil leas sáraitheach poiblí ann i dtaca le nochtadh an doiciméid lena mbaineann.

65 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais cheana féin gurb é an tuiscint atá le baint as an gcoincheap 'próiseas cinnteoireachta', de réir bhrí na forála sin, ná go bhfuil baint aige le déanamh an chinnidh ach nach dtagann na himeachtaí riaracháin ar fad ba bhun leis faoi (breithiúnas an 13 Iúil 2017, *Saint-Gobain Glass Deutschland* v *an Coimisiún*, C-60/15 P, EU:C:2017:540, mír 76).

66 Thairis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne, i gcás ina bhfuil rochtain an-leathan ar dhoiciméid de dhíth ar ghníomhaíocht reachtach na n-institiúidí, nach gciallaíonn é sin ar chor ar bith nach dtagann gníomhaíochtaí eile na n-institiúidí sin faoi raon feidhme Rialachán Uimh. 1049/2001, ar raon feidhme é a bhaineann, i gcomhréir le hAirteagal 2(3) de, le gach doiciméad atá ag na hinstitiúidí sin, is é sin le rá, doiciméid arna ndréachtú nó arna bhfáil acu agus atá ina seilbh, i ngach réimse ghníomhaíocht an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Iúil 2017, *Saint-Gobain Glass Deutschland* v *an Coimisiún*, C-60/15 P, EU:C:2017:540, mír 85 agus an cásdlí dá dtagraítear).

67 Is i bhfianaise na mbreithnithe sin nach mór scrúdú a dhéanamh ar cé acu ar mheas nó nár mheas an Chúirt Ghinearálta, agus an ceart aici, i mír 59 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur cuireadh clabhsúr ar phróiseas cinnteoireachta an Choimisiúin a bhaineann leis an treoirdhoiciméad arna ghlacadh ag EFSA in 2013 ar ghlacadh na gcinntí atá faoi chonspóid agus, dá bhrí sin, in imthosca sonracha na gcásanna seo, nárbh fhéidir leis an gCoimisiún an eisceacht dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001 a thabhairt mar bhunús réasúnta leis na cinntí sin.

68 I ndáil leis sin, is fíor, i mír 56 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur mheas an Chúirt Ghinearálta gur bhain na doiciméid arna n-iarraidh le próiseas cinnteoireachta an Choimisiúin a tharla idir 2013 agus 2019 agus a fhéachtar tríothu leis an treoirdhoiciméad arna ghlacadh ag EFSA in 2013 a chur chun feidhme ina iomláine nó go páirteach trí ghlacadh [an doiciméid sin] mar atá sé de réir an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear i Rialachán Uimh. 182/2011, nó trí leasú na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear le Rialachán Uimh. 182/2011 de réir an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú dá dtagraítear le Cinneadh 1999/468. Chinn an Chúirt Ghinearálta, áfach, i mír 55 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, agus na cinntí atá faoi chonspóid á nglacadh, nárbh fhéidir a mheas go raibh aon phróiseas cinnteoireachta ar siúl a fhéachtar tríd leis an doiciméad sin a chur chun feidhme.

69 Ní mór a chinneadh nach n-áitíonn an Coimisiún gur baineadh míbhrí as na breithnithe fíorasacha arna ndéanamh ag an gCúirt Ghinearálta. Go deimhin, ar an gcéad dul síos, an bhuntuiscint, go bunúsach, atá le hargóintí an Choimisiúin ná go bhfágfaí go raibh próiseas cinnteoireachta, de réir bhrí na chéad fhomhíre d'Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001, fós ar siúl ar ghlacadh na gcinntí atá faoi chonspóid, toisc an athbhreithnithe a bhí ar siúl ar an treoirdhoiciméad arna ghlacadh ag EFSA in 2013, i ndiaidh an iarratais a rinne an institiúid sin os comhair an údaráis sin chuige sin, agus dá toisc sin amháin.

70 Ní bhaineann sé le hábhar, mar a thugann an Coimisiún dá aire, go ndearnadh an t-iarratas ar athbhreithniú i gceist i mí an Mhárta 2019, fad, san am céanna, déanta na fírinne, a bhí an institiúid sin ag iarraidh an treoirdhoiciméad arna glacadh ag EFSA in 2013 a chur chun feidhme go páirteach trí na prionsabail aonfhoirmeacha arna leagan amach i Rialachán Uimh. 546/2011 i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú, a leasú. Go deimhin, mar is léir ó mhíreanna 41, 42 agus 45 den bhreithiúnas seo, chinn an Chúirt Ghinearálta, agus a

measúnú féin á dhéanamh aici ar na fíorais, gan é a mhaíomh ar chor ar bith gur baineadh míbhrí ina leith sin, nach rabhthas ag iarraidh ar chur chun feidhme páirteach a thuilleadh agus na cinntí atá faoi chonspóid á nglacadh.

71 Ar an dara dul síos, is deimhin go n-áitíonn an Coimisiún gur léir ó mhíreanna 48 go 53 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid nár cuireadh aon phróiseas cinnteoireachta i gcrích maidir leis an treoirdhoiciméad arna ghlacadh ag EFSA in 2013, ná maidir lena chur chun feidhme ann féin ná chun na prionsabail aonfhoirmeacha sin a leasú. Níl ciall inbhainte as clabhsúr gan bheith curtha ar an dá phróiseas i gceist ag glacadh cinnidh, mar a admhaíonn an Coimisiún ina iarratas ar achomharc, go raibh a leithéidí de phróisis fós ar siúl agus na cinntí atá faoi chonspóid á nglacadh, ann féin. Go deimhin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 73 dá Thuairim, go bhfuil clabhsúr inchurtha ar phróiseas cinnteoireachta fiú i gcás nár baineadh an cuspóir leis amach, mar shampla nó i gcás ina n-éirítear as ceist nó nach ndéantar dá réir.

72 Thairis sin, mar a leagann an Chúirt Ghinearálta amach i mír 54 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar cuireadh ceist uirthi ina leith sin le linn na héisteachta, shonraigh an Coimisiún, fad a bhí an t-athbhreithniú ar siúl ag EFSA ar an treoirdhoiciméad arna ghlacadh ag EFSA in 2013, breithniú cur i gcás a bhí i ngach breithniú maidir le hábhar an doiciméid sin, lena cheangailteacht fhéideartha, leis an gcaoi a d'fhéadfaí á ghlacadh nó leis an nós imeachta a d'fhéadfaí cloí leis ina leith sin. Mar sin, tá sé de cheart gur féidir leis an gCúirt Ghinearálta a thabhairt le tuiscint, i mír 56 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go nglactar tríd le feidhm gan bheith fiú ag próiseas cinnteoireachta ag an gCoimisiún agus na cinntí atá faoi chonspóid á nglacadh.

73 I ndáil leis sin, ní mór a chinneadh, i bhfianaise, go háirithe, an chásdlí arna lua i míreanna 62 agus 65 den bhreithiúnas seo, gurb an tuiscint atá le baint as an gcoincheap 'próiseas cinnteoireachta', de réir bhrí na chéad fhomhíre d'Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001 ná go bhfuil baint dhíreach aige le déanamh an chinnidh. Glactar leis, áfach, trí chinneadh a dhéanamh, de réir bhrí na forála sin, go bhfuil cuspóir socraithe ann lena mbainfidh an cinneadh atá le teacht, gan beann ar achomaireacht ghlacadh dréachtghnímh shonraigh inaitheanta. Thairis sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 67 dá Thuairim agus mar atá ar neamhréir leis an méid is cosúil go bhfuil á áitiú ag an gCoimisiún, níor mheas an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 54 go 61 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, in éagmais a leithéid d'achomaireacht, nach mbeadh aon ghníomhaíochtaí cinnteoireachta éifeachtacha ann.

74 Go dearfa, thiocfaí salach ar leagan amach na forála sin agus ar leagan amach an chásdlí arna lua i mír 63 den bhreithiúnas seo le hadmháil nach ndearnadh cinneadh go fóill agus, dá bhrí sin, go bhfuil 'próiseas cinnteoireachta' ar siúl, de réir bhrí na chéad fhomhíre d'Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001, i gcás nach bhfuil feidhm ag a leithéid de phróiseas socraithe. Go deimhin, fad nach bhfuil cuspóir beacht socraithe le cinneadh atá le teacht go fóill, baol cur i gcás atá i gceist, de réir sainmhínithe, le haon bhaol go ndéanfaí difear don phróiseas cinnteoireachta trína bhféachtar le glacadh an chinnidh sin toisc doiciméad arna iarraidh a nochtadh de réir Rialachán Uimh. 1049/2001, ó ba dhofhíoraithe an bhfuil nó nach bhfuil baint dháiríre ag ábhar an doiciméid sin leis an bpróiseas cinnteoireachta sin, déanta na fírinne.

75 Sa chás seo, mar is léir ó Airteagal 77 de Rialachán Uimh. 1107/2009, go bhfuil rogha ag an gCoimisiún ní hamháin chun iarraidh ar EFSA treoirdhoiciméad a dhréachtú nó cur le dréachtú treoirdhoiciméid amhail an treoirdhoiciméad atá i gceist sa chás seo, ach maidir le déanamh de réir an doiciméid sin agus, le bheith níos cruinne faoi, le cinneadh, i gcás inarb iomchuí, an nglacfadh sé nó an leasódh sé a leithéidí de dhoiciméid i gcomhréir leis an nós imeachta

comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 79(2) den Rialachán sin, a thugtar cúnamh dó ag Scopaff ina leith. Tugtar le tuiscint uaidh sin, roimh eolas a chur ar an treoirdhoiciméad arna ghlacadh ag EFSA in 2013 mar a dhéanfaidh an t-údaráis sin athbhreithniú air, i gcás inarb iomchuí, nach féidir leis an gCoimisiún eolas a chur ar an treoirdhoiciméid sin ná na bearta a phleanáil a dhéanfaidh sé dá réir ina leith sin agus, go háirithe, ar cé acu an gcuirfidh sé an nós imeachta comhairleach chun feidhme. Dá bhrí sin, is dochinnte aige an bhfuil difear indéanta le nochtadh aon cheann de na doiciméid arna n-iarraidh ag Pollinis France d'aon phróiseas cinnteoireachta a bhaineann leis an doiciméad athbhreithnithe sin.

76 Mar sin, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí le cinneadh, i mír 56 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach bhfuil feidhm fiú ag próiseas cinnteoireachta ag an gCoimisiún agus na cinntí atá faoi chonspóid á nglacadh agus le cinneadh, i mír 57 den bhreithiúnas sin, gur tharla próiseas cinnteoireachta maidir le treoirdhoiciméad athbhreithnithe maidir le beacha ar sheoladh an doiciméid sin chuig an gCoimisiún ag EFSA.

77 Ar deireadh, murab ionann agus a bhfuil á áitiú ag an gCoimisiún, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí ach an oiread, mar is léir ó mhír 57 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, le meas gur cinntitheach an argóint arna déanamh ag an institiúid sin ar dá réir a raibh sé de 'chuspóir' aige treoirdhoiciméad maidir le beacha a chur chun feidhme go fóill chun measúnú a dhéanamh ar 'ábhar nach bhfuil cinneadh déanta [ag institiúid] ina leith fós' a bheith ann, de réir bhrí na chéad fhomhíre d'Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001,

78 Go deimhin, is í fírinne an scéil gurbh ionann glacadh le hinagarthacht na forála sin ag institiúid nach bhfuil sé de rún aici ach cinneadh a dhéanamh ar ábhar a thagann faoina inniúlacht, gan gá le próiseas cinnteoireachta ann a bheith ann trína bhféachtar le cinneadh a ghlacadh maidir le cuspóir socraithe, agus a aithint gurb indiúltaithe ag an institiúid sin do nochtadh aon doiciméid a bhaineann leis an ábhar sin. I gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 62 den bhreithiúnas seo agus mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 41 dá Thuairim, ní fhéadfaí a leithne sin de léiriú a dhéanamh ar an gcoincheap 'ábhar nach bhfuil cinneadh déanta [ag institiúid] ina leith fós' de réir bhrí na forála sin nach dtagann aon doiciméad faoi a bhaineann le ceist ar leith.

79 Mar sin, murab ionann agus atá á líomhain ag an gCoimisiún, bhí sé de cheart ag an gCúirt Ghinearálta a mheas, i mír 57 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nár leor é an cuspóir a bheith á shaothrú ag an institiúid sin go fóill maidir le treoirdhoiciméad maidir le beacha a chur chun feidhme chun doiciméad a sholáthar d'údaráis na mBallstát lena léirítear 'eolas reatha eolaíoch agus teicniúil' i gcomhréir le hAirteagal 36(1) de Rialachán Uimh. 1107/2007, ann féin, le baint de chonclúid go raibh 'ábhar [ann] nach bhfuil cinneadh déanta [ag institiúid] ina leith fós', de réir bhrí na chéad fhomhíre d'Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001.

80 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, ní mór diúltú don chéad saincheist dlí.

An dara foras achomhairc

81 Sa mhéid nach raibh cinneadh na Cúirte Ginearálta ar dá réir nach bhféadfadh sé, ar bhonn na chéad fhomhíre d'Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001, diúltú rochtain a thabhairt ar na doiciméid arna n-iarraidh, intugtha faoi cheist ag na hargóintí arna ndéanamh ag an gCoimisiún mar thaca lena chéad saincheist dlí, níl an breithiúnas atá faoi achomharc inchurtha ar neamhní de dheasca an dara saincheist dlí arna tógáil ag an institiúid sin, ar dá réir a chuireann an Coimisiún an Chúirt Ghinearálta i gcionta le hearráid dlí a dhéanamh le linn an mheasúnaithe thánaistigh arna dhéanamh aici agus a bhaineann leis na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm

na heisceachta arna leagan amach san fhoráil sin seachas leis an gcoinníoll maidir le próiseas cinnteoireachta atá ar siúl a bheith ann. Dá bhrí sin, ní mór diúltú don dara foras achomhairc toisc é a bheith gan fheidhm.

82 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, ní mór diúltú don achomharc seo ina iomláine.

Costais

83 I gcomhréir le hAirteagal 184(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, i gcás nach bhfuil bunús leis an achomharc, tá an Chúirt Bhreithiúnais le breith a thabhairt maidir le costais.

84 De réir Airteagal 138(1) de na Rialacha Nós Imeachta sin, a bhfuil feidhm aige maidir le himeachtaí achomhairc de bhun Airteagal 184(1), ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis.

85 Ós rud é go bhfuil iarratas déanta ag Pollinis France go n-íocfaidh an Coimisiún as na costais agus nár éirigh leis an gCoimisiún, ní mór a ordú don Choimisiún, chomh maith lena costais féin, na costais arna dtabhú ag Pollinis France a íoc.

Ar na forais sin, dearbhaíonn agus rialaíonn an Chúirt (an Cúigiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Diúltaítear don achomharc.**

2. **Ordaítear don Choimisiún Eorpach, chomh maith lena chostais féin, na costais arna dtabhú ag Pollinis France a íoc.**

[Sínithe]